2026/427

26.2.2026

CINNEADH (CBES) 2026/427 ÓN gCOMHAIRLE

an 26 Feabhra 2026

lena leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Deireadh Fómhair 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/642/CBES [1].

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2012/642/CBES, agus i bhfianaise a thromchúisí atá an staid sa Bhealarúis i gcónaí agus rannpháirtíocht na Bealarúise sa chogadh foghach neamhdhleathach na Rúise ar an Úcráin, is iomchuí na bearta uile arna nglacadh ag an Aontas a choimeád i bhfeidhm. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2012/642/CBES a athnuachan go dtí an 28 Feabhra 2027.

(3) Ba cheart leasú a dhéanamh ar na cúiseanna lena liostú agus ar an bhfaisnéis aitheantais maidir le 54 dhuine ar daoine nádúrtha iad agus seachtar ar daoine dlítheanacha iad a áirítear i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2012/642/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2012/642/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 8(1), cuirtear an dáta ‘28 Feabhra 2027’ in ionad an dáta ‘28 Feabhra 2026’;

(2) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Feabhra 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. DAMIANOS

[1] Cinneadh 2012/642/CBES ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Bhealarúis agus rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha arna thabhairt ag an Rúis faoin Úcráin (IO L 285, 17.10.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/642/oj).

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2012/642/CBES mar a leanas:

(1) i dTábla ‘A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagail 3(1) agus 4(1)’, cuirtear na hiontrálacha comhfhreagracha seo a leanas in ionad iontrálacha 1, 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 11, 13, 14, 18, 19, 21, 22, 23, 24, 26, 27, 28, 32, 34, 41, 44, 47, 52, 57, 65, 68, 72, 73, 85, 87, 88, 103, 116, 117, 119, 122, 125, 134, 150, 151, 152, 195, 197, 199, 202, 206, 208, 238, 242, 255 agus 258:

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
‘1.	Uladzimir Uladzimiravich NAVUMAU Vladimir Vladimirovich NAUMOV	Уладзімір Уладзіміравіч НАВУМАЎ Владимир Владимирович НАУМОВ	Post/poist: iar-Aire Gnóthaí Inmheánacha; iar-Cheannaire ar Sheirbhís Slándála an Uachtaráin Dáta breithe: 7.2.1956 Áit bhreithe: Smolensk, iarAPSS (Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Níor ghníomhaigh sé chun imscrúdú a dhéanamh ar chás gan réiteach, is é sin fuadach Yuri Zakharenko, Viktor Gonchar, Anatoly Krasovski agus Dmitri Zavadski sa Bhealarúis in 1999-2000. Iar-Aire Gnóthaí Inmheánacha agus iar-Cheannaire ar Sheirbhís Slándála an Uachtaráin freisin. Ina cháil mar Aire Gnóthaí Inmheánacha, bhí sé freagrach as cur faoi chois léirsithe síochánta go dtí go ndeachaigh sé ar scor an 6 Aibreán 2009 ar chúiseanna sláinte. Thug Riarachán an Uachtaráin teach cónaithe dó i gceantar nomenklatura Drozdy i Mionsc. I mí Dheireadh Fómhair 2014, bhronn an tUachtarán Lukashenka ord fiúntais den tríú grád air. Ó mhí na Samhna 2023, tá Vladimir Naumov ina úinéir ar sciar dar méid 75 % sa chuideachta Zorka Food. Tá Zorka Food cláraithe i Moscó agus a oibríonn i réigiún Donetsk, atá faoi fhorghabháil ag an Rúis, agus i gcathair Mariupol san Úcráin, cuideachta a onnmhairíonn grán agus beatha trí chalafort Mariupol, agus a thacaíonn, dá bhrí sin, le rannpháirtíocht na Bealarúise i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka	24.9.2004

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
2.	Dzmitry Valerievich PAULICHENKA Dmitri Valerievich PAVLICHENKO (Dmitriy Valeriyevich PAVLICHENKO)	Дзмітрый Валер'евіч ПАЎЛІЧЭНКА Дмитрий Валериевич ПАВЛИЧЕНКО	Post/poist: Iar-Cheannasaí ar an Aonad Mearfhreagartha Speisialta; Ceannasaí ar aonad OMON Dáta breithe: 1966 Áit bhreithe: Vitebsk/ Viciebsk, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Seoladh: Belarusian Association of Veterans of Special Forces of the Ministry of Internal Affairs "Honour", 111 Mayakovskogo St., 220028 Minsk, an Bhealarúis Inscne: fireann	Duine lena mbaineann príomhthábhacht i gcásanna gan réiteach is iad sin fuadach Yuri Zakharenko, Viktor Gonchar, Anatoly Krasovski agus Dmitri Zavadski sa Bhealarúis in 1999-2000. Iar-Cheannasaí ar an Aonad Mearfhreagartha Speisialta ag an Aireacht Gnóthaí Inmheánacha. Fear gnó, Ceannaire ar "Honour", Cumann Iarshaighdiúirí ó Fhórsaí Speisialta de chuid na hAireachta Gnóthaí Inmheánacha. Aithníodh é a bheith i gceannas ar aonad OMON le linn na cniogbheartaíochta brúidiúla ar lucht agóide, a tharla sa Bhealarúis tar éis thoghchán uachtaránachta 2020. Thacaigh Dzmitry Paulichenka le Lukashenka sa tréimhse roimh thoghchán uachtaránachta mhí Feabhra 2025 sa Bhealarúis. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka.	24.9.2004

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
3.	Viktar Uladzimiravich SHEIMAN (Viktar Uladzimiravich SHEYMAN) Viktor Vladimirovich SHEIMAN (Viktor Vladimirovich SHEYMAN)	Віктар Уладзіміравіч ШЭЙМАН Виктор Владимирович ШЕЙМАН	Post/poist: Iar-Cheann ar an Belarus President Property Management Directorate; Comhcheannaire "Vector Capital Group"; Toscaire Uachtaránachta Dáta breithe: 26.5.1958 Áit bhreithe: Réigiún Soltanishki, Grodno/ Hrodna, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Seoladh: Belarus President Property Management Directorate, 38 Karl Marx St., 220016 Minsk, an Bhealarúis Inscne: fireann Grád: Coirnéalghinearál	Iar-Cheann ar an Belarus President Property Management Directorate. Freagrach as cásanna gan réiteach. is iad sin fuadach Yuri Zakharenko, Viktor Gonchar, Anatoly Krasovski agus Dmitri Zavadski, a tharla sa Bhealarúis in 1999-2000. IarRúnaí ar an gComhairle Slándála. Tá Sheiman gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka; is é cúntóir Speisialta/Sainchabhróir an Uachtaráin agus is é toscaire speisialta Lukashenka é le haghaidh teagmhálacha leis an Afraic. Thairis sin, tá Viktar Sheiman ina chomhcheannaire ar an bhfiontar "Vector Capital Group", a dhéanann maoirseacht ar chuideachta a bhfuil baint aici le monarú ladrann. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le réimeas Lukashenka agus le coimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Bealarúise trí bheith rannpháirteach i dtáirgeadh teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	24.9.2004

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
4.	Iury Leanidavich SIVAKAU (Yuri Leanidavich SIVAKAU, SIVAKOU) Iury (Yuri) Leonidovich SIVAKOV	Юрый Леанідавіч СІВАКАЎ, СІВАКОЎ Юрий Леонидович СИВАКОВ	Post/poist: iar-Aire Gnóthaí Inmheánacha; iar-Leas-Cheann ar Riarachán an Uachtaráin; Ollamh Comhlach in Acadamh na nGnóthaí Inmheánacha agus dámh an dlí in Ollscoil Stáit na Bealarúise (An Roinn Dlí) Dáta breithe: 5.8.1946 Áit bhreithe: Onor, Sakhalin Region/Oblast, iarAPSS (Cónaidhm na Rúise anois) Seoladh: Belarusian Association of Veterans of Special Forces of the Ministry of Internal Affairs "Honour", 111 Mayakovskogo St., Minsk 220028 , an Bhealarúis Inscne: fireann	Freagrach as an mbeartaíocht sna cásanna gan réiteach, is iad sin fuadach Yuri Zakharenko, Viktor Gonchar, Anatoly Krasovski agus Dmitri Zavadski, a tharla sa Bhealarúis in 1999-2000. Iar-Aire Turasóireachta agus Spóirt, iar-Aire Gnóthaí Inmheánacha agus iar-Leas-Cheann ar Riarachán an Uachtaráin.	24.9.2004

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
5.	Yuri Khadzimuratavich KARAEU Yuri Khadzimuratovich KARAEV	Юрый Хаджымуратавіч КАРАЕЎ Юрий Хаджимуратович КАРАЕВ	Post/poist: Iar-Aire Gnóthaí Inmheánacha; Leifteanantghinearál an Mhílíste (fórsa póilíneachta); Sainchabhróir Uachtarán Phoblacht na Bealarúise - Cigire Réigiún Grodno/Hrodna; Cathaoirleach Choiste Feidhmiúcháin Réigiúnach Grodno Dáta breithe: 21.6.1966 Áit bhreithe: Ordzhonikidze (iarAPSS), (Vladikavkaz, Cónaidhm na Rúise anois) Inscne: fireann	Ina phost ceannaireachta mar Aire Gnóthaí Inmheánacha (AGI) mar a bhí, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí AGI tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka ina shainchabhróir le hUachtarán na Bealarúise agus ina chigire sa Réigiún Grodno/Hrodna, agus ina Chathaoirleach ar Choiste Feidhmiúcháin Réigiúnach Grodno. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	2.10.2020
6.	Genadz Arkadzievich KAZAKEVICH Gennadi Arkadievich KAZAKEVICH	Генадзь Аркадзьевіч КАЗАКЕВІЧ Геннадий Аркадьевич КАЗАКЕВИЧ	Post/poist: IarChéad-Leas-Aire Gnóthaí Inmheánacha; Leas-Aire Gnóthaí Baile sa Roinn Gnóthaí Inmheánacha – Ceann ar an Mílíste Coiriúil, Coirnéal an Mhílíste (an fórsa póilíneachta) Dáta breithe: 14.2.1975 Áit bhreithe: Mionsc, iarAPSS, (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann Grád: Maorghinearál an Mhílíste	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar ChéadAire ar an Aireacht Gnóthaí Inmheánacha, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí na haireachta sin tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar an Leas-Aire Gnóthaí Inmheánacha. Is é an ceann é go fóill ar an Mílíste Coiriúil.	2.10.2020

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
7.	Aliaksandr Piatrovich BARSUKOU Alexander (Alexandr) Petrovich BARSUKOV	Аляксандр Пятровіч БАРСУКОЎ Александр Петрович БАРСУКОВ	Post/poist: Iar-Leas-Aire Gnóthaí Inmheánacha; Leifteanantghinearál ar an Mílíste (an fórsa póilíneachta); Sainchabhróir le hUachtarán Phoblacht na Bealarúise — Cigire do Réigiún Mhionsc, Comhalta de Theach Ionadaithe Thionól Náisiúnta na Bealarúise Dáta breithe: 29.4.1965 Áit bhreithe: Vetkovski (Vetka) District, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Leas-Aire ar an Aireacht Gnóthaí Inmheánacha, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí na hAireachta sin tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean a dhéanamh orthu. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Sainchabhróir le hUachtarán na Bealarúise — Cigire do Réigiún Mhionsc, agus mar chomhalta de Theach Ionadaithe Thionól Náisiúnta na Bealarúise. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	2.10.2020
8.	Siarhei Mikalaevich KHAMENKA Sergei Nikolaevich KHOMENKO	Сяргей Мікалаевіч ХАМЕНКА Сергей Николаевич ХОМЕНКО	Post/poist: Iar-Leas-Aire Gnóthaí Inmheánacha; Maor-ghinearál an Mhílíste (an fórsa póilíneachta); Iar-Aire Dlí agus Cirt; Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle Phoblacht na Bealarúise Dáta breithe: 21.9.1966 Áit bhreithe: Yasinovataya, iarAPSS (an Úcráin anois) Inscne: fireann	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Leas-Aire na hAireachta Gnóthaí Inmheánacha, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí na haireachta sin tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean a dhéanamh orthu. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle Phoblacht na Bealarúise. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	2.10.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
11.	Aliaksandr Valerievich BYKAU Alexander (Alexandr) Valerievich BYKOV	Аляксандр Валер'евіч БЫКАЎ Александр Валерьевич БЫКОВ	Post/poist: Céad Leas-Cheannasaí ar na Trúpaí Intíre, iar-Cheannasaí ar an Aonad Mearfhreagartha Speisialta, an Leifteanant-Choirnéal Inscne: fireann Grád: Maorghinearál	Sa phost a bhí aige mar Cheannasaí ar Aonad Mearfhreagartha Speisialta na hAireachta Gnóthaí Inmheánacha, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí an Aonaid Mhearfhreagartha Speisialta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha agus drochíde léirsitheoirí síochánta, lena n-áirítear céasadh na léirsitheoirí sin. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Chéad Leas-Cheannasaí ar na Trúpaí Intíre.	2.10.2020
13.	Dzmitry Uladzimiravich BALABA Dmitry Vladimirovich BALABA	Дзмітрый Уладзіміравіч БАЛАБА Дмитрий Владимирович БАЛАБА	Post/poist: Iar-Cheann ar OMON ("Aonad Sainchuspóra an Mhílíste") le haghaidh Choiste Fheidhmiúcháin Chathair Mhionsc; Cathaoirleach Chomhairle Lárnach Chumann Fisiciúil, Cultúir agus Spóirt na Bealarúise ar a dtugtar Dynamo Dáta breithe: 1.6.1972 Áit bhreithe: sráidbhaile Gorodilovo, Minsk Region/Oblast, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann	Ina phost ceannasaíochta ar fhórsaí OMON i Mionsc, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí OMON i Mionsc tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu.	2.10.2020

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
14.	Ivan Uladzimiravich KUBRAKOU Ivan Vladimirovich KUBRAKOV	Іван Уладзіміравіч КУБРАКОЎ Иван Владимирович КУБРАКОВ	Post/poist: Ceann ar Phríomhstiúrthóireacht Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Chathair Mhionsc; Aire Gnóthaí Inmheánacha, Maor-Ghinearál an Mhílíste (an fórsa póilíneachta) Dáta breithe: 5.5.1975 Áit bhreithe: sráidbhaile Malinovka, Mogilev/Mahiliou Region/Oblast, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann Grád: Leifteanant-Ghinearál	Sa phost a bhí aige mar Cheann Phríomhstiúrthóireacht Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Chathair Mhionsc, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí póilíneachta tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde ar léirsitheoirí síochánta go háirithe mar chuid de, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Aire Gnóthaí Inmheánacha.	2.10.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
18.	Aliaksandr Paulavich VASILIEU Alexander Pavlovich VASILIEV	Аляксандр Паўлавіч ВАСІЛЬЕЎ Александр Павлович ВАСИЛЬЕВ	Post/poist: Iar-Cheann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Gomel/Homyel/Oblast; Ceann ar Acadamh na hAireachta um Gnóthaí Inmheánacha; Ionadaí Chomhairle na nAirí Gnóthaí Inmheánacha chuig Coiste Feidhmiúcháin CSN Dáta breithe: 24.3.1975 Áit bhreithe: Mahiliou/Mogilev, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann	Sa phost a bhí aige mar Cheann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Gomel/Homyel/Oblast, ba é a bhí freagrach as feachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa réigiún sin i gcoinne agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Ionadaí ar Chomhairle na nAirí Gnóthaí Inmheánacha chuig Coiste Feidhmiúcháin CSN. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	2.10.2020
19.	Aleh Mikalaevich SHULIAKOUSKI Oleg Nikolaevich SHULIAKOVSKI	Алег Мікалаевіч ШУЛЯКОЎСКІ Олег Николаевич ШУЛЯКОВСКИЙ	Post/poist: IarChéad-Leas-Cheann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Gomel, Ceann ar na Póilíní Coiriúla; Ceann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Brest Dáta breithe: 26.7.1977 Inscne: fireann Grád: Maorghinearál	Sa phost a bhí aige mar Chéad-Leas-Cheann ar Cheann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Gomel/Homyel/Oblast agus Ceann ar na Póilíní Coiriúla, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa réigiún sin igcoinne agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Cheann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Brest.	2.10.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
21.	Aliaksandr Viachaslavavich ASTREIKA Alexander Viacheslavovich ASTREIKO	Аляксандр Вячаслававіч АСТРЭЙКА Александр Вячеславович АСТРЕЙКО	Post/poist: Iar-Cheann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Brest, Maor-Ghinearál an Mhílíste (an fórsa póilíneachta); Iar-Cheann ar Choiste Feidhmiúcháin Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Mhionsc; Ceann ar Acadamh na hAireachta um Gnóthaí Inmheánacha Dáta breithe: 22.12.1971 Áit bhreithe: Kapyl, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann Grád: Maor-Ghinearál an Mhílíste	Sa phost a bhí aige mar Cheann ar Choiste Feidhmiúchán Roinn Gnóthaí Inmheánacha Réigiún Brest agus Maor-Ghinearál an Mhílíste, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe sa réigiún sin i gcoinne agóideoirí síochánta tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha, úsáid iomarcach fornirt agus drochíde, lena n-áirítear céasadh, i gcoinne léirsitheoirí síochánta. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Cheann ar Acadamh na hAireachta um Gnóthaí Inmheánacha. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	2.10.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
22.	Leanid Viachaslavavich ZHURAUSKI Leonid Vyacheslavovich ZHURAVSKI	Леанід Вячаслававіч ЖУРАЎСКІ Леонид Вячеславович ЖУРАВСКИЙ	Post/poist: Iar-Cheann OMON (“Aonad Sainchuspóra an Mhílíste”) in Vitebsk/Viciebsk; an Chéad Leas-Cheannasaí ar OMON ag Roinn Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Chathair Mhionsc Dáta breithe: 20.9.1975 Inscne: fireann Grád: Coirnéal sa Mhílíste	Sa phost ceannasaíochta a bhí aige ar fhórsaí OMON in Vitebsk/Viciebsk, ba é a bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí OMON in Vitebsk/Viciebsk tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha agus drochíde a thabhairt do léirsitheoirí síochánta.	2.10.2020
23.	Mikhail Aliaksandravich DAMARNACKI MikhailAleksandrovich DOMARNATSKY	Міхаіл Аляксандравіч ДАМАРНАЦКІ Михаил Александрович ДОМАРНАЦКИЙ	Post/poist: Iar-Cheann ar OMON (“Aonad Sainchuspóra an Mhílíste”) in Gomel/Homyel; Leas-Cheann ar OMON ag Roinn Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Chathair Mhionsc Inscne: fireann Grád: Coirnéal sa Mhílíste	Ina phost ceannasaíochta ar fhórsaí OMON in Gomel/Homyel, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí OMON in Gomel/Homyel tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha agus drochíde a thabhairt do léirsitheoirí síochánta.	2.10.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
24.	Maxim Yakaulevich MIKHOVICH Maxim Yakovlevich MIKHOVICH	Максім Якаўлевіч МІХОВІЧ Максим Яковлевич МИХОВИЧ	Post/poist: Ceann ar an Penal Correction Department san Aireacht um Gnóthaí Inmheánacha, Maor-Ghinearál an Mhílíste (an fórsa póilíneachta) Inscne: fireann Dáta breithe: 25.11.1974	Ina phost ceannasaíochta ar fhórsaí OMON in Brest, is é atá freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fórsaí OMON in Brest tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha agus drochíde a thabhairt do léirsitheoirí síochánta.	2.10.2020
26.	Ivan Yurievich SAKALOUSKI Ivan Yurievich SOKOLOVSKI	Іван Юр'евіч САКАЛОЎСКІ Иван Юрьевич СОКОЛОВСКИЙ	Post/poist: IarStiúrthóir ar ionad coinneála Akrestina, Mionsc; Ceann na Roinne Maoirseachta agus Forfheidhmithe i bPríomh-Stiúrthóireacht Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Chathair Mhionsc Dáta breithe: 17.11.1979 Inscne: fireann Grád: Coirnéal sa Mhílíste	Ina cháil mar Stiúrthóir ar ionad coinneála Akrestina i Mionsc, is é atá freagrach as an íde mhídhaonna agus tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh do shaoránaigh atá á gcoinneáil tar éis thoghchán uachtaránachta 2020.	2.10.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
27.	Valeri Paulavich VAKULCHYK Valery Pavlovich VAKULCHIK	Валерый Паўлавіч ВАКУЛЬЧЫК Валерий Павлович ВАКУЛЬЧИК	Post/poist: IarChathaoirleach ar Choiste Slándála an Stáit (KGB); IarStátrúnaí ar an gComhairle Slándála; Iar-Chúntóir ag Uachtarán Phoblacht na Bealarúise – Cigire don Réigiún Brest; Ceann ar Oifig Chomhairle na nAirí Dáta breithe: 19.6.1964 Áit bhreithe: Radostovo, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Chathaoirleach ar Choiste Slándála an Stáit (KGB), is é a bhí freagrach as rannpháirtíocht an KGB san fheachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a tharla tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, agus comhaltaí an fhreasúra. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Cheann ar Oifig Chomhairle na nAirí. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	2.10.2020
28.	Siarhei Yaugenavich TSERABAU Sergey Evgenievich TEREBOV	Сяргей Яўгенавіч ЦЕРАБАЎ Сергей Евгеньевич ТЕРЕБОВ	Post/poist: CéadLeas-Chathaoirleach Choiste Slándála an Stáit (KGB) Dáta breithe: 1972 Áit bhreithe: Borisov/Barisaw, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann Grád: Maorghinearál	Ina phost ceannaireachta mar Chéad Leas-Chathaoirleach ar Choiste Slándála an Stáit (KGB), is é atá freagrach as rannpháirtíocht an KGB san fheachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a tharla tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta agus comhaltaí an fhreasúra.	2.10.2020

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
32.	Aliaksandr Uladzimiravich KANYUK Alexander (Alexandr) Vladimirovich KONYUK	Аляксандр Уладзіміравіч КАНЮК Александр Владимирович КОНЮК	Post/poist: IarIonchúisitheoir Ginearálta Phoblacht na Bealarúise; Iar-Ambasadóir Phoblacht na Bealarúise chun na hAirméine Dáta breithe: 11.7.1960 Áit bhreithe: Grodno/Hrodna, iarAPSS (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann	Ina phost roimhe seo mar Phríomh-Ionchúisitheoir, is é atá freagrach as úsáid fhorleathan a bhaint as imeachtaí coiriúla chun iarrthóirí de chuid an fhreasúra a dhícháiliú roimh thoghchán uachtaránachta 2020 agus cosc a chur ar dhaoine a bheith páirteach sa Chomhairle Comhordúcháin a sheol an freasúra chun agóid a dhéanamh in aghaidh thoradh an toghcháin sin. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	2.10.2020
34.	Vadzim Dzmitryevich IPATAU Vadim Dmitrievich IPATOV	Вадзім Дзмітрыевіч ІПАТАЎ Вадим Дмитриевич ИПАТОВ	Post/poist: iar-Leas-Chathaoirleach ar Choimisiún Lárnach Toghchán Chónaidhm na Rúise (CLT); Leas-Chathaoirleach ar Theach na nIonadaithe Dáta breithe: 30.10.1964 Áit bhreithe: Kolomyia, Réigiún Ivano-Frankivsk, iarAPSS (an Úcráin anois) Inscne: fireann	Ina cháil mar Leas-Chathaoirleach ar CLT, tá sé freagrach as an místiúradh a rinne CLT ar phróiseas toghchánach thoghchán uachtaránachta 2020, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CLT agus an ceannaireacht air, go háirithe, a d'fhág gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, iarrthóirí áirithe de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta díréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CLT go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach claonta.	2.10.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
41.	Igar Anatolievich PLYSHEUSKI Ihor Anatolievich PLYSHEVSKIY	Ігар Анатольевіч ПЛЫШЭЎСКІ Игорь Анатольевич ПЛЫШЕВСКИЙ	Post/poist: Stiúrthóir Bainistíochta OOO Bergia Group, iar-chomhalta den Choimisiún Lárnach Toghchán (CLT); Leas-Chathaoirleach um Ghnóthaí Dlíthiúla Pháirtí Daonlathach Liobrálach na Bealarúise Dáta breithe: 19.2.1979 Áit bhreithe: Lyuban, APSS roimhe seo (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann	Sa phost a bhí aige mar chomhalta de choláiste CLT, bhí sé freagrach as an místiúradh a rinne CLT ar an bpróiseas toghchánach uachtaránachta 2020, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CLT agus a choláiste, go háirithe, a d'fhág gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, iarrthóirí áirithe de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta díréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CLT go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach claonta. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Stiúrthóir Bainistíochta OOO Bergia Group. D'oibrigh sé sa Choimisiún Lárnach Toghchán i ról comhairleach le linn fheachtas uachtaránachta 2025. Ní raibh toghchán uachtaránachta 2025 sa Bhealarúis saor ná cothrom, de réir tuarascálacha iomadúla ó bhreathnóirí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Tá Igar Plysheuski ag tacú dá bhrí sin le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	2.10.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
44.	Irina Aliaksandrauna TSELIKAVETS Irina Alexandrovna TSELIKOVEC	Ірына Аляксандраўна ЦЭЛІКАВЕЦ Ирина Александровна ЦЕЛИКОВЕЦ	Post/poist: Iarbhall den Choimisiún Lárnach Toghchán (CLT); Rúnaí Feidhmiúcháin Chomhairle Airí Dlí agus Cirt CSN Dáta breithe: 2.11.1976 Áit bhreithe: Zhlobin, APSS roimhe seo (an Bhealarúis anois) Inscne: baineann	Sa phost a bhí aici mar chomhalta de choláiste CLT, bhí sí freagrach as an místiúradh a rinne CLT ar an bpróiseas toghchánach uachtaránachta 2020, gan caighdeáin idirnáisiúnta bhunúsacha i dtaca le cothromaíocht agus trédhearcacht a bheith á gcomhlíonadh le linn an phróisis, agus as torthaí an toghcháin a fhalsú. Is é CLT agus a choláiste, go háirithe, a d'fhág gur briseadh as a bpost, ar fhorais bhréige, iarrthóirí áirithe de chuid an fhreasúra agus gur cuireadh srianta díréireacha ar bhreathnóirí sna stáisiúin vótála. Ina theannta sin, d'áirithigh CLT go bhfuil coimisiúin na dtoghchán, atá faoina mhaoirseacht, comhdhéanta ar bhealach claonta. Sa phost a bhí aici mar Rúnaí Feidhmiúcháin Chomhairle Airí Dlí agus Cirt CSN, bhí sí mar chuid de mhisean idirnáisiúnta breathnóireachta toghchán CSN ag na toghcháin uachtaránachta a bhí ann in 2025. Ní raibh toghchán uachtaránachta 2025 sa Bhealarúis saor ná cothrom, de réir tuarascálacha iomadúla ó bhreathnóirí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta. Tá Irina Tselikavets ag tacú dá bhrí sin le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as cos ar bolg a imirt ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	2.10.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
47.	Ihar Piatrovich SERGYAENKA Igor Petrovich SERGEENKO	Ігар Пятровіч СЕРГЯЕНКА Игорь Петрович СЕРГЕЕНКО	Post/poist: Iar-Cheann Foirne ar an Riarachán Uachtaránachta; Cathaoirleach ar Theach na nIonadaithe (teach íochtarach) de Thionól Náisiúnta na Bealarúise Dáta breithe: 14.1.1963 Áit bhreithe: Sráidbhaile Stolitsa in Vitebsk/Viciebsk Region/Oblast, APSS roimhe seo (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann	Ina phost mar Cheann Foirne ar an Riarachán Uachtaránachta, tá dlúthbhaint aige leis an Uachtarán agus is é atá freagrach as cur chun feidhme na gcumhachtaí uachtaránachta a áirithiú i réimse na mbeartas intíre agus seachtrach. Dá bhrí sin, tá sé ag tacú le réimeas Lukashenka, lena n-áirítear an feachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir an fearas stáit tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020.	6.11.2020
52.	Siarhei Yakaulevich AZEMSHA Sergei Yakovlevich AZEMSHA	Сяргей Якаўлевіч АЗЕМША Сергей Яковлевич АЗЕМША	Post/poist: Leas-Chathaoirleach ar an gCoiste Fiosrúcháin Dáta breithe: 17.7.1974 Áit bhreithe: Rechitsa, réigiún Gomel/Homyel, APSS roimhe seo (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann Grád: Maorghinearál Dlí agus Cirt	Ina phost ceannaireachta mar Leas-Chathaoirleach ar an gCoiste Fiosrúcháin, tá sé freagrach as an bhfeachtas diansmachta agus imeaglaithe a raibh an Coiste i gceannas air tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe imscrúduithe a seoladh in aghaidh na Comhairle Comhordúcháin agus i gcoinne léirsitheoirí síochánta.	6.11.2020

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
57.	Siarhei Yaugenavich ZUBKOU Sergei Yevgenevich ZUBKOV	Сяргей Яўгенавіч ЗУБКОЎ Сергей Евгеньевич ЗУБКОВ	Post/poist: Ceannasaí ALFA Unit (Aonad Frithsceimhlitheoireachta an Choiste Slándála an Stáit (KGB)); Leas-Cheann Ionad Frithsceimhlitheoireachta CSN Dáta breithe: 21.8.1975 Inscne: fireann	Agus ról ceannaireachta aige ar fhórsaí ALFA Unit, tá sé freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a chuir na fórsaí sin ar bun tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, feachtas a raibh gabhálacha treallacha agus drochíde go háirithe mar chuid de, lena n-áirítear céasadh léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean ina gcoinne.	6.11.2020
65.	Ihar Uladzimiravich LUTSKY Igor Vladimirovich LUTSKY	Ігар Уладзіміравіч ЛУЦКІ Игорь Владимирович ЛУЦКИЙ	Post/poist: An Chéad Leas-Cheann ar Riarachán an Uachtaráin; Iar-Aire Faisnéise; Cathaoirleach ar Chomhairle Phoblacht na Bealarúise Dáta breithe: 31.10.1972 Áit bhreithe: Stolin, réigiún Brest, APSS roimhe seo (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Aire Faisnéise, is é atá freagrach as an gcos ar bolg ar an tsochaí shibhialta, go háirithe maidir le cinneadh na hAireachta Faisnéise deireadh a chur leis an rochtain ar shuíomhanna gréasáin neamhspleácha agus an rochtain idirlín sa Bhealarúis a theorannú tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, mar uirlis chun cos ar bolg a dhéanamh ar an tsochaí shibhialta, ar léirsitheoirí síochánta agus ar iriseoirí. Tá sé fós gníomhach i réimeas Lukashenka mar Chomhalta de Chomhairle Phoblacht na Bealarúise, agus mar Leas-Cheann ar Riarachán an Uachtaráin. Tá sé ag tacú dá bhrí sin le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	17.12.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
68.	Ihar Paulavich BURMISTRAU Igor Pavlovich BURMISTROV	Ігар Паўлавіч БУРМІСТРАЎ Игорь Павлович БУРМИСТРОВ	Post/poist: Ceann Foirne agus an Chéad-Leas-Cheannasaí ar Thrúpaí Inmheánacha na hAireachta Gnóthaí Inmheánacha; Cathaoirleach ar Choiste Feidhmiúcháin Chathair Novopolotsk Dáta breithe: 30.9.1968 Inscne: fireann	Sa phost ceannaireachta a bhí aige mar Chéad Leas-Cheannasaí ar Thrúpaí Inmheánacha na hAireachta Gnóthaí Inmheánacha, bhí sé bhí freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir na Trúpaí Inmheánacha faoina cheannaireacht tar éis thoghchán uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha agus drochíde léirsitheoirí síochánta, lena n-áirítear céasadh na léirsitheoirí sin, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean ina gcoinne. Cuireadh chuig an gcúlchiste míleata é. Tá sé de cheart aige éide agus ionchomharthaí míleata a chaitheamh.	17.12.2020
72.	Aliaksandr Henrykavich TURCHIN Alexander (Alexandr) Henrihovich TURCHIN	Аляксандр Генрыхавіч ТУРЧЫН Александр Генрихович ТУРЧИН	Post/poist: IarChathaoirleach Choiste Feidhmiúcháin Réigiúnach Mhionsc; Príomh-Aire Phoblacht na Bealarúise Dáta breithe: 2.7.1975 Áit bhreithe: Novogrudok, réigiún Grodno/Hrodna, APSS roimhe seo (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann	Ina phost mar Chathaoirleach Choiste Feidhmiúcháin Réigiúnach Mhionsc, bhí sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an riarachán áitiúil, lena n-áirítear roinnt coistí. Leanann sé de thacaíocht a thabhairt do réimeas Lukashenka ina phost mar Phríomh-Aire Phoblacht na Bealarúise.	17.12.2020

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
73.	Dzmitry Mikalaevich SHUMILIN Dmitry Nikolayevich SHUMILIN	Дзмітрый Мікалаевіч ШУМІЛІН Дмитрий Николаевич ШУМИЛИН	Post/poist: Leas-Cheann na Stiúrthóireachta um Chosaint an Dlí agus Ord agus um Chosc, iar-Leas-Cheann Roinn Oll-imeachtaí Príomhranna Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Chathair Mhionsc Dáta breithe: 26.7.1977 Inscne: fireann Grád: Maorghinearál an Mhílíste	Sa phost a bhí aige mar Leas-Cheann Roinn Oll-imeachtaí Príomhranna Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Chathair Mhionsc, bhí sé freagrach as an bhfeachtas cos ar bolg agus imeaglaithe a stiúir fearas áitiúil tar éis thoghcháin uachtaránachta 2020, go háirithe gabhálacha treallacha agus drochíde, lena n-áirítear céasadh ar léirsitheoirí síochánta, chomh maith le himeaglú iriseoirí agus foréigean orthu. Tá sé doiciméadaithe gurb é féin go pearsanta a ghlac páirt i gcoinneáil neamhdhleathach léirsitheoirí síochánta. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Leas-Cheann na Stiúrthóireachta um Chosaint an Dlí agus Ord agus um Chosc de chuid Príomhranna Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Chathair Mhionsc.	17.12.2020
85.	Yulia Chaslavauna HUSTYR Yulia Cheslavovna HUSTYR	Юлія Чаславаўна ГУСТЫР Юлия Чеславовна ГУСТЫР	Post/poist: Breitheamh sa Chúirt Dúiche Lárnach i Mionsc; Comhairleoir dlí i gCeantar Oktyabrsky Dáta breithe: 27.2.1974 Inscne: baineann	Sa phost a bhí aici mar bhreitheamh sa Chúirt Dúiche Lárnach i Mionsc, bhí sí freagrach as roinnt mhaith rialuithe polaitiúla i gcoinne iriseoirí, cheannairí an fhreasúra, gníomhaithe agus agóideoirí , go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar Viktar Babarika a bhí ina iarrthóir don uachtaránacht. Rinneadh sáruithe i réimse chearta na gcúisithe le linn na dtrialacha arna seoladh faoina maoirseacht. Tá sí freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. Tá sí fós gníomhach i réimeas Lukashenka mar dhlíodóir san Oifig Cúnaimh Dhlíthiúil i réigiún Oktyabrsky i Mionsc.	17.12.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
87.	Aliaksandr Vasilevich SHAKUTSIN Aleksandr Vasilevich SHAKUTIN	Аляксандр Васільевіч ШАКУЦІН Александр Васильевич ШАКУТИН	Post/poist: Fear gnó, scairshealbhóir in Amkodor Bel, Amkodor Spamash, Spamash, EM System, Navanep, Amkodor-Onego, Amkodor-Alga agus Amkodor-Agidel Dáta breithe: 12.1.1959 Áit bhreithe: Bolshoe Babino, Orsha Rayon, Vitebsk/Viciebsk Region/Oblast, APSS roimhe seo (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann	Is fear gnó Bealarúiseach é Aliaksandr Shakutsin a bhfuil leasanna suntasacha gnó aige sa Bhealarúis, sa Rúis agus i dtíortha nach iad. Bhain sé tairbhe shuntasach as an réimeas Lukashenka mar úinéir agus tairbhí Amkodor Holding. Ó ghlac an stát seilbh ar Amkodor Holding, leanann Aliaksandr Shakutsin de thairbhe a bhaint as an gcaipiteal eacnamaíoch agus polaitiúil as an réimeas Lukashenka a fuarthas le linn a bhlianta ann. Ina theannta sin, leanann sé de thairbhe a bhaint as an réimeas trí na naisc atá fós aige le Amkodor Holding agus le leasanna gnó eile sa Bhealarúis agus thar lear. Tuairiscítear go bhfuil sé ar na daoine is mó a thairbhigh as príobháidiú le linn sheal Lukashenka mar Uachtarán. Bhí sé ina chomhalta de phraesaidiam an chomhlachais phoiblí atá ar son Lukashenka, “Belaya Rus”, agus ina chomhalta den Chomhairle um Fhiontraíocht a Fhorbairt i bPoblacht na Bealarúise. I mí Iúil 2020, cháin sé go poiblí agóidí an fhreasúra sa Bhealarúis, agus ar an gcaoi sin thacaigh sé le beartas cos ar bolg de chuid réimeas Lukashenka i leith agóideoirí síochánta, an fhreasúra dhaonlathaigh agus na sochaí sibhialta. Tá leasanna gnó sa Bhealarúis aige i gcónaí, agus is sealbhóir cothromais i gcuideachtaí atá nasctha le Amkodor Holding é. Tá sé ag baint tairbhe, dá bhrí sin, as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	17.12.2020

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
88.	Mikalai Mikalaevich VARABEI/VERABEI Nikolay Nikolaevich VOROBEY	Мікалай Мікалаевіч ВАРАБЕЙ/ВЕРАБЕЙ Николай Николаевич ВОРОБЕЙ	Post/poist: Fear gnó, comhúinéir Bremino Group Dáta breithe: 4.5.1963 Áit bhreithe: PSS na hÚcráine (an Úcráin anois) Inscne: fireann	Tá sé ar cheann de na fir ghnó is mó sa Bhealarúis, agus tá leasanna gnó aige in earnáil an pheitriliam, earnáil an iompair guail, an earnáil baincéireachta earnálacha nach iad. Is comhúinéir in Bremino Group é - cuideachta a bhain tairbhe as buntáistí cánach agus as cineálacha eile tacaíochta ó réimeas na Bealarúise. Tugadh ceart eisiach dá chuideachta, BelKazTrans, gual a aistriú tríd an mBealarúis. I mí na Nollag 2020, d'aistrigh sé cuid dá shócmhainní chuig a dhlúth-chomhpháirtithe gnó. De réir tuarascálacha sna meáin tá smacht i gcónaí aige ar na cuideachtaí Interservice agus Oil Bitumen Plant. Bíonn sé i mbun gníomhaíochtaí gnó agus tá dlúthchaidreamh aige le húdaráis na Bealarúise agus thug sé dhá ghluaisteán sóchais do Lukashenka. Tá leasanna gnó aige freisin san Úcráin agus sa Rúis. Lean sé dá ghníomhaíochtaí gnó tar éis dó a bheith faoi réir smachtbhannaí, agus úsáid á baint aige as idirghabhálaithe chun dul timpeall ar bhearta sriantacha. Tá sé ag baint tairbhe, dá bhrí sin, as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	17.12.2020
103.	Maxim Yurevich FILATAU Maxim Yurevich FILATOV	Максім Юр'евіч ФІЛАТАЎ Максим Юрьевич ФИЛАТОВ	Post/poist: Breitheamh i gCúirt Chathair Lida Dáta breithe: 23.8.1978 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar bhreitheamh i gCúirt Chathair Lida, tá Maxim Filatau freagrach as an iliomad rialuithe dar siocair an pholaitíocht i gcoinne agóideoirí síochánta, go háirithe as an bpianbhreith arna forchur ar an ngníomhaí Vitold Ashurok, a aithníonn Viasna, eagraíocht Bhealarúiseach um chearta an duine, mar phríosúnach polaitiúil é. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as an mbonn a bhaint go tromchúiseach den smacht reachta, mar aon le cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach.	21.6.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
116.	Siarhei Piatrovich, RUBNIKOVICH Sergei Petrovich RUBNIKOVICH	Сяргей Пятровіч РУБНІКОВІЧ Сергей Петрович РУБНИКОВИЧ	Post/poist: Reachtóir Ollscoil Leighis Stát na Bealarúise Dáta breithe: 18.6.1974 Áit bhreithe: Sharkauschyna, Vitebsk/ Viciebsk Region/ Oblast, APSS roimhe seo (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Reachtóir Ollscoil Leighis Stát na Bealarúise, ar fhormheas Alexander Lukashenka a cheapachán, tá Siarhei Rubnikovich freagrach as an gcinneadh a rinne lucht riaracháin na hOllscoile mic léinn a chur as an ollscoil mar gur ghlac siad páirt in agóidí síochánta. Eisíodh orduithe díbeartha tar éis do Lukashenka a iarraidh an 27 Deireadh Fómhair 2020 go gcuirfí mic léinn amach as an ollscoil as páirt a ghlacadh in agóidí agus i stailceanna. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as an tsochaí shibhialta a chur faoi chois agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021
117.	Aliaksandr Henadzevich BAKHANOVICH Aleksandr Gennadevich BAKHANOVICH	Аляксандр Генадзевіч БАХАНОВІЧ Александр Геннадьевич БАХАНОВИЧ	Post/poist: An Chéad Leas-Aire Oideachais, iar-reachtaire Ollscoil Theicniúil Stát Brest Dáta breithe: 15.9.1972 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar reachtaire Ollscoil Theicniúil Stát Brest, ar fhormheas Alexander Lukashenka a cheapachán, bhí Aliaksandr Bakhanovich freagrach as an gcinneadh a rinne lucht riaracháin na hollscoile mic léinn a chur as an ollscoil mar gur ghlac siad páirt in agóidí síochánta. Eisíodh orduithe díbeartha tar éis do Lukashenka a iarraidh an 27 Deireadh Fómhair 2020 go gcuirfí mic léinn amach as an ollscoil as páirt a ghlacadh in agóidí agus i stailceanna. I mí Eanáir 2023, ceapadh Aliaksandr Bakhanovich mar Chéad Leas-Aire Oideachais Phoblacht na Bealarúise. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as an tsochaí shibhialta a chur faoi chois agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	21.6.2021

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
119.	Maxim Uladzimiravich RYZHANKOU Maxim Vladimirovich RYZHENKOV	Максім Уладзіміравіч РЫЖАНКОЎ Максим Владимирович РЫЖЕНКОВ	Post/poist: An tAire Gnóthaí Eachtracha; An Chéad Leas-Cheann ar Riarachán an Uachtaráin Dáta breithe: 19.6.1972 Áit bhreithe: Mionsc, APSS roimhe seo (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Chéad Leas-Cheann ar Riarachán an Uachtaráin, tá dlúthbhaint ag Maxim Ryzhankou leis an Uachtarán agus tá sé freagrach as cur chun feidhme na gcumhachtaí uachtaránachta a áirithiú i réimse na mbeartas intíre agus seachtrach. Chaith sé breis agus 20 bliain dá ghairm i státseirbhís na Bealarúise, mar a raibh poist éagsúla aige, lena n-áirítear an Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus roinnt ambasáidí. Ina cháil mar Aire Gnóthaí Eachtracha, leanann sé de phost cumhachta a bheith aige agus de bheartas eachtrach réimis Lukashenka a chur chun feidhme. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka.	21.6.2021
122.	Valeri Valerevich IVANKOVICH Valery Valerevich IVANKOVICH	Валерый Валер'евіч ІВАНКОВІЧ Валерий Валерьевич ИВАНКОВИЧ	Post/poist: Stiúrthóir Ginearálta OJSC "MAZ". Dáta breithe: 15.2.1971 Áit bhreithe: Novopolotsk, PSS na Bealarúise (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Stiúrthóir Ginearálta OJSC "MAZ", tá Valeri Ivankovich freagrach as gabháil oibrithe MAZ laistigh d'áitribh MAZ ag fórsaí slándála, agus as fostaithe MAZ a bhí ag glacadh páirt in agóidí síochánta i gcoinne an réimis a chur as a bpost. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta. Cheap Lukashenka é ina chomhalta den choimisiún ar cuireadh de chúram air leasuithe a dhréachtú ar Bhunreacht na Bealarúise. Tá sé ag tacú, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka.	21.6.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
125.	Mikail Safarbekovich GUTSERIEV	Микаил (Михаил) Сафарбекович ГУЦЕРИЕВ	Post/poist: Fear gnó; Iar-scairshealbhóir in Slavkali agus iar-chathaoirleach ar a bhord feidhmeannach; cathaoirleach bhord stiúrthóirí agus scairshealbhóir in: JSC Mospromstroi, Industrial Financial Group Safmar JSC, LLC Proekt Grad; Comhalta de bhord stiúrthóirí JSC NKNeftisa agus scairshealbhóir ann Dáta breithe: 9.3.1958 Áit bhreithe: Akmolinsk, APSS roimhe seo (an Chasacstáin anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach	Is fear gnó Rúiseach mór le rá é Mikail Gutseriev, a bhfuil leasanna gnó aige in earnáil an fhuinnimh, earnáil na mianraí criticiúla agus earnálacha eile. Ina theannta sin, tá sé gníomhach freisin in earnáil an chultúir iar-Shóivéadaigh. Tá seanaithne aige ar Aliaksandr Lukashenka agus a bhuí leis an nasc sin, charnaigh sé saibhreas agus tionchar suntasach i measc scothaicme pholaitiúil na Bealarúise. Ba é “Safmar”, eintiteas a bhfuil nasc aige le Mikail Gutseriev, an t-aon ghnólacht ola Rúiseach a lean d’ola a sholáthar do scaglanna na Bealarúise le linn na géarchéime fuinnimh idir an Bhealarúis agus an Rúis go luath in 2020. Thacaigh Mikail Gutseriev le Lukashenka i ndíospóidí leis an Rúis faoi sheachadtaí ola freisin. Bhí Mikail Gutseriev ina chathaoirleach ar bhord stiúrthóirí cuideachta Slavkali agus ina scairshealbhóir i gcuideachta Slavkali, comhlacht é thóg an mhonarcha mianadóireachta agus próiseála clóiríde potaisiam, Nezhinsky, atá lonnaithe ar an bhfosú salainn potaise, Starobinsky, gar do Lyuban. Ba í an infheistíocht is mó rinneadh sa Bhealarúis í, infheistíocht dar luach USD 2 bhilliún. Gheall Lukashenka go n-athbhaistfí baile Lyuban “Gutserievsk” in ómós do Mikail Gutseriev. Náisiúnaíodh an tionscadal Nezhinsky. Faoi dhlí na Bealarúise, ba cheart Mikail Gutseriev a chúiteamh as an náisiúnú, rud atá á chaibidil leis an réimeas, a dúirt sé.	21.6.2021

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
				I measc na ngnóthaí eile a bhí ag Mikail Gutseriev sa Bhealarúis, bhí stáisiúin pheitril agus iostaí ola, óstán, lárionad gnó agus críochfort aerfoirt i Mionsc. Ghabh Lukashenka buíochas le Mikail Gutseriev freisin as na ranníocaíochtaí le heagraíochtaí carthanachta agus as na billiúin dollar a infheistiú sa Bhealarúis. D'fhreastail Mikail Gutseriev ar oirniú Lukashenka in 2020. An bhliain chéanna, bhí Lukashenka agus Mikail Gutseriev beirt i láthair nuair a osclaíodh Eaglais Cheartchreidmheach ar a ndearna Gutseriev urraíocht. Chuidigh Mikail Gutseriev le scanóirí CT a fháil don Bhealarúis le linn ghéarchéim COVID-19. In 2024, bhuaigh iníon chéile Lukashenka an gradam "amhrán na bliana", arna eagrú ag stáisiún raidió Mikail Gutseriev, rud a chuidigh le bús a chruthú faoina pearsantacht sular tháinig sí chun bheith ina ceannaire feachtais i dtoghcháin 2025 na Bealarúise. Tá Mikail Gutseriev ag baint tairbhe, dá bhrí sin, as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	
134.	Dzmitry Mikalaevich STREBKOU Dmitry Nikolaevich STREBKOV	Дзмітрый Мікалаевіч СТРЭБКОЎ Дмитрий Николаевич СТРЕБКОВ	Post/poist: Ceann Phríosún Uimh. 8 in Zhodino; Comhalta de Chomhairle Cathrach Zhodino Dáta breithe: 19.3.1977 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina cháil mar Cheann Phríosún Uimh. 8 in Zhodino, tá Dzmitry Strebkou freagrach as na coinníollacha uafásacha san ionad coinneála agus as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh ar shaoránaigh a ghlac páirt in agóidí síochánta agus a coinníodh sa tsaoráid choinneála sin, lena n-áirítear san ionad coinneála sealadach, i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	21.6.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
150.	Dzmitry Iauhenevich BURDZIUK Dmitry Evgenevich BURDIUK	Дзмітрый Яўгеньевіч БУРДЗЮК Дмитрий Евгеньевич БУРДЮК	Feidhm: Leas-Cheann ar Phríomhroinn Imscrúdaithe Choiriúil na bPóilíní Coiriúla in Aireacht Gnóthaí Inmheánacha Phoblacht na Bealarúise; Ceann Roinn Póilíneachta Cheantar Oktyabrsky; Iar-Cheann Roinn Póilíneachta Cheantar Partizanski Mhionsc Dáta breithe: 31.1.1980 Áit bhreithe: Réigiún Brest, APSS roimhe seo (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach Aitheantas pearsanta: 3310180C009PB7 Pasuimhir: MP3567896	Sa phost a bhí aige mar Cheann Roinn Póilíneachta Cheantar Partizanski Mhionsc, bhí Dzmitry Burdziuk freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar ghreadadh uafásach agus céasadh na n-agóideoirí síochánta agus na ndaoine ar an láthair i ndiaidh thoghchán uachtaránachta 2020. I mí na Nollag 2020 ceapadh é ina Cheann ar Roinn Póilíneachta Cheantar Oktyabrsky. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	21.6.2021

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
151.	Vital Vitalevich KAPILEVICH Vitaliy Vitalevich KAPILEVICH	Віталь Вітальевіч КАПІЛЕВІЧ Виталий Витальевич КАПИЛЕВИЧ	Post/poist: Iar-Cheann Roinn Póilíneachta Cheantar Leninsky Mhionsc; Iar-Leas-Cheann ar an bPríomh-Stiúrthóireacht um Rialú Drugaí agus Comhrac na Gáinneála ar Dhaoine in Aireacht Gnóthaí Inmheánacha Phoblacht na Bealarúise; Leas-Cheann ar Phríomh-Roinn Imscrúdaithe Choiriúil na bPóilíní Coiriúla in Aireacht Gnóthaí Inmheánacha Phoblacht na Bealarúise Dáta breithe: 26.11.1988 Áit bhreithe: Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar Cheann ar Roinn Póilíneachta Cheantar Leninsky Mhionsc, tá Vital Kapilevich freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh do shaoránaigh a coinníodh i Roinn Póilíneachta Cheantar Leninsky. Diúltaíodh cabhair leighis do na cimí; rinneadh imeaglú ar na paraimhíochaineoirí a tháinig chun na Roinne le go gcuirfí cosc ar chúnamh leighis a sholáthar do na cimí. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	21.6.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
152.	Kiryl Stanislavavich KISLOU Kirill Stanislavovich KISLOV	Кірыл Станіслававіч КІСЛОЎ Кирилл Станиславович КИСЛОВ	Post/poist: Iar-Cheann Roinn Póilíneachta Cheantar Zavodsky Mhionsc; Iar-Leas-Cheann na bPóilíní Sábháilteachta Poiblí de Phríomhstiúrthóireacht Gnóthaí Inmheánacha Choiste Feidhmiúcháin Chathair Mhionsc; Leas-Cheann Acadamh Aireacht Gnóthaí Inmheánacha Phoblacht na Bealarúise Dáta breithe: 2.1.1979 Áit bhreithe: Mionsc, APSS roimhe seo (an Bhealarúis anois) Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar Cheann ar Roinn Póilíneachta Cheantar Zavodsky Mhionsc, tá Kiryl Kislou freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céasadh, a tugadh do shaoránaigh a coinníodh sa stáisiún póilíneachta sin. Tá sé freagrach freisin as an gcos ar bolg suntasach a imríodh ar agóideoirí síochánta, iriseoirí, gníomhaithe ar son chearta an duine, oibrithe, ionadaithe thar ceann an phobail acadúil agus daoine ar an láthair, arna dhéanamh ag a fho-oifigigh. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Leas-Cheann Acadamh Aireacht Gnóthaí Inmheánacha Phoblacht na Bealarúise. Tá sé tacú, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	21.6.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
195.	Ivan Ivanavich GALAVATYI Ivan Ivanovich GOLOVATY	Іван Іванавіч ГАЛАВАТЫ Иван Иванович ГОЛОВАТЫЙ	Post/poist: Iar-Ard-Stiúrthóir Open Joint Stock Company “Belaruskali”; Cathaoirleach bhord maoirseachta JSC Belarussian Potash Company; An Chéad Leas-Stiúrthóir ar Nedra Nezhin; An Chéad Leas-Stiúrthóir ar an gCoimpléasc Mianadóireachta agus Próiseála (MPC) i nDúiche Lyuban Comhalta de Bhuanchoiste Chomhairle na Poblachta de chuid Tionól Náisiúnta Phoblacht na Bealarúise maidir le Gnóthaí Eachtracha agus Slándáil Náisiúnta Dáta breithe: 15.6.1976 Áit bhreithe: Pogost Settlement, Soligorsk District, an Bhealarúis Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Is é Ivan Galavatyi iarArd-Stiúrthóir Belaruskali, cuideachta faoi úinéireacht stáit, ar mórfhoinse ioncaim agus airgeadra eachtraigh í do réimeas Lukashenka. Is iarchomhalta de Chomhairle Phoblacht na Bealarúise agus den Tionól Náisiúnta é. Is iomaí post tábhachtach eile atá aige sa Bhealarúis agus le linn a ghairmréime bronnadh go leor duaiseanna stáit air, cuid acu díreach ó lámha Lukashenka. Bhí sé ina dhlúthchomlach le Lukashenka agus le daoine dá theaghlach. Ba é Aliaksandr Lukashenka a mhol go rachadh Ivan Golovaty chun oibre mar ambasadóir i gceann de thíortha Chomhlathas na Stát Neamhspleách. Tá sé ag baint tairbhe, dá bhrí sin, as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis. Ina cháil mar Ard-Stiúrthóir Belaruskali, bhí Ivan Galavatyi bainteach go díreach san aslonnú a rinne réimeas Lukashenka i gcomhar leis an Rúis ar leanaí Úcránacha a raibh cónaí orthu sna críocha faoi fhorghabháil. Tacaíonn Ivan Galavatyi, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka. Leanann sé de thacaíocht a thabhairt do réimeas Lukashenka agus de thairbhe a bhaint as mar Chéad Leas-Stiúrthóir Nedra Nezhin, cuideachta a bhfuil tuairisc faoi gurb é comharba Slavkali é, mórtháirgeoir potaise sa Bhealarúis agus ina cháil mar Chéad Leas-Stiúrthóir ar an Mining and Processing Complex (MPC) i gCeantar Lyuban. Baineadh préimheanna d’fhostaithe OJSC “Belaruskali” agus briseadh amach as a bpost iad as páirt a ghlacadh i stailceanna agus agóidí síochánta tar éis na dtoghchán uachtaránachta calaoiseach a reáchtáladh sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020. Ba é Alexander Lukashenka é féin a bhagair go gcuirfí mianadóirí ón Úcráin in ionad na stailceoirí. Dá bhrí sin, mar iar-cheann Belaruskali, tá Ivan Galavatyi freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta.	3.6.2022

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
197.	Andrei Siarheevich PALCHIK Andrei Sergeevich PALCHIK	Андрэй Сяргеевіч ПАЛЬЧЫК Андрей Сергеевич ПАЛЬЧИК	Post/poist: Iar-Cheann ar Choilíneacht Cheartúcháin Uimh. 1 in Novopolotsk; Maor ar an ionad coinneála in Vitebsk; Leas-mhaor ar Shaoráid Choinneála Réamhthrialach Uimh. 2. Dáta breithe: 3.3.1981 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Sa phost a bhí aige mar cheann ar Choilíneacht Cheartúcháin Uimh. 1 in Novopolotsk, bhí Andrei Palchik freagrach as céastóireacht agus drochíde, pionóis mhí-úsáideacha, lena n-áirítear gaibhniú aonair a úsáid arís agus arís eile, agus as páirt a ghlacadh sa mhéid sin, i gcoinne na bpríosúnach polaitiúil agus na saoránach eile arna gcoinneáil sa choilíneacht phionósach sin, go háirithe tar éis thoghchán uachtaránachta 2020 agus na n-agóidí síochánta ina dhiaidh sin. Mar cheann na coilíneachta pionósaí sin, ní hamháin go bhfuil Andrei Palchik freagrach as na mí-úsáidí sin a ordú agus maoirseacht a dhéanamh orthu, ach tá cuntas teiste doiciméadaithe aige maidir le rannpháirtíocht phearsanta i ngníomhartha céastóireachta agus foréigin i gcoinne príosúnach. Le linn riarachán Andrei Palchik ó 2017 go mí an Mhárta 2023, tá droch-cháil tagtha ar choilíneacht cheartúcháin Uimh. 1 in Novopolotsk mar gheall ar na dálaí coinneála atá ann atá thar a bheith crua agus mar gheall ar an drochíde a thugtar do na príosúnaigh, go leor acu ina bpríomhghníomhaithe polaitiúla agus ina n-ionadaithe ar an tsochaí shibhialta arna gcoinneáil toisc go raibh siad i gcoinne réimeas an Uachtaráin Lukashenka. Tar éis dó aistriú ó Choilíneacht Phionósach Uimh. 1, leanann Andrei Palchik de phost gníomhach ardchéimnitheach a bheith aige i saoráid choinneála eile agus dá bhrí sin, tá sé ag obair don chóras smachtúil go fóill. Tá sé gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar mhaor an ionaid coinneála in Vitebsk agus mar leasmhaor Shaoráid Coinneála Réamhthrialach Uimh. 2. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
199.	Mikhail Mikhailavich MURASHKIN Mikhail Mikhailovich MURASHKIN	Міхаіл Міхайлавіч МУРАШКІН Михаил Михайлович МУРАШКИН	Post/poist: Iar-Leas-Cheann ar Municipal Department of Internal Affairs) in Zhodino (Roinn Bardasach Gnóthaí Inmheánacha) – Ceann an Public Security Police (na Póilíní Slándála Poiblí); Céad-Leas-Cheann ar District Department of Internal Affairs (Roinn Ceantair Gnóthaí Inmheánacha) in Borisov (– Ceann an Public Security Police (na Póilíní Slándála Poiblí) ón 29.10.2021 ar aghaidh Ceann Gníomhach Uzda District Department of Internal Affairs (Roinn Gnóthaí Baile Dhúiche Uzda) Dáta breithe: 8.9.1989 Inscne: fireann Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina phost mar iar-cheann ar na Póilíní Slándála Poiblí in Zhodino, d'ordaigh Mikhail Murashkin do thrúpaí na bpóilíní agus do phóilíní círéibe OMON agóidí síochánta a chur faoi chois go brúidiúil tar éis an toghcháin uachtaránachta in 2020, agóideoirí a bhatráil agus foréigean a dhéanamh orthu. Tá baint aige freisin le hiriseoirí neamhspleácha a chlúdaigh na hagóidí sa tréimhse roimh na toghcháin uachtaránachta a choinneáil arís agus arís eile go neamhdhleathach. Tá post ardchéime den chineál céanna aige i gcónaí laistigh den Roinn Gnóthaí Inmheánacha. Tá sé, dá bhrí sin, ag tacú le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023
202.	Ruslan Khikmetavich MASHADZEOU Ruslan Khikmetovich MASHADIYEV	Руслан Хікметовіч МАШАДЗЕЎ Руслан Хикметович МАШАДИЕВ	Post/poist: Iar-Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 1; Ceann Reatha Choilíneacht Phionósach Uimh. 1 Inscne: fireann Dáta breithe: 26.9.1981 Náisiúntacht: Bealarúiseach	Ina phost mar Cheann agus iar-Leas-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 1, tá Ruslan Mashadziyeu freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céastóireacht, a tugadh do na príosúnaigh pholaitiúla agus ar shaoránaigh eile arna gcoinneáil sa choilíneacht phionósach sin tar éis thoghchán uachtaránachta 2020 agus na n-agóidí síochánta ina dhiaidh sin. Is é a bhí i gceannas ar an gcoilíneacht phionósach tráth a bhásaigh an príosúnach polaitiúil, Vitold Ashurak, sa choilíneacht phionósach sin an 21 Bealtaine 2021, nach léir fós mar a tharla sin. Tá sé freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
206.	Sviatlana Paulauna PAKHODAVA Svetlana Pavlovna POKHODOVA	Святлана Паўлаўна ПАХОДАВА Светлана Павловна ПОХОДОВА	Post/poist: Iar-Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 4 do mhná in Gomel Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach An áit a meastar ina bhfuil sí: Gomel	Ina seanphost mar Cheann Choilíneacht Phionósach Uimh. 4 do mhná in Gomel, tá Sviatlana Pakhodava freagrach as an íde mhídhaonna tháireach, lena n-áirítear céastóireacht, a tugadh do na príosúnaigh pholaitiúla agus do shaoránaigh eile arna gcoinneáil sa choilíneacht phionósach bhan sin. Bhí sí ina ceann cheana féin ar an gcoilíneacht phionósach nuair a ionchúisíodh Maria Kalesnikava, príosúnach polaitiúil ar cuireadh pianbhreith choimeádta 11 bhliain uirthi as a rannpháirtíocht sna hagóidí sa choilíneacht phionósach i gcoinne rialú forlámhach Aliaksandr Lukashenko. Baineadh cearta uile na bpríosúnach di, lena n-áirítear an ceart dul i gcomhairle le dlíodóir. Tá Sviatlana Pakhodava freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	3.8.2023
208.	Tatsiana Aliaksandrauna GRAKUN Tatyana Alexandrovna GRAKUN	Таццяна Аляксандраўна ГРАКУН Татьяна Александровна ГРАКУН	Post/poist: Ionchúisitheoir Sinsearach in Oifig Ionchúisitheora Réigiún Mhionsc um Maoirseacht ar Chomhlíonadh Dlí na gCinntí Cúirte i gCásanna Coiriúla; Comhairleoir Sóisearach an Cheartais Inscne: baineann Náisiúntacht: Bealarúiseach Dáta breithe: 5.2.1986	Is ionchúisitheoir Bealarúiseach í Tatsiana Grakun atá ag obair in Oifig Ionchúisitheora Réigiún Mhionsc. Sa phost sin, tá ionadaíocht déanta aici do réimeas Lukashenka i gcásanna dar siocair an pholaitíocht i gcoinne iriseoirí. Go háirithe, d'ionchúisigh sí Maryna Zolatava, príomheagarthóir TUT.BY, ar gearradh téarma príosúnachta 12 bhliain uirthi, agus Liudmila Chekina, stiúrthóir ginearálta TUT.BY, ar gearradh téarma príosúnachta 12 bhliain uirthi i mí an Mhárta 2023, bunaithe ar na cúisimh gan forais, "dochar a dhéanamh do shlándáil náisiúnta Phoblacht na Bealarúise". Tá Tatsiana Grakun freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	3.8.2023

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
238.	Viktar Aliaksandravich DUBROUKA Viktor Alexandrovich DUBROVKA		Feidhm: Céad-Leas-Cheann na Roinne um Pianbhreitheanna a Fhorghníomhú i réigiún Grodno; Iar-Cheann na hinstitiúide ceartúcháin "Penal Colony No. 11" (Coilíneacht Phionósach Uimhir 11); coirnéal sa tseirbhís inmheánach Náisiúntacht: Bealarúiseach Dáta breithe: 19.6.1978 Áit bhreithe: Makhnachi, Slonim District, Grodno Region Inscne: fireann Uimhir Aitheantais pearsanta: 3190678K013PB2	Is é Viktar Dubrouka iar-cheann na hinstitiúide ceartúcháin Coilíneacht Phionósach Uimh. 11 áit a bhfuil a phianbhreith 20 bliain agus 11 mhí á cur isteach ag Siarhei Ramanau agus áit a bhfuil pianbhreith 11 bhliain á cur isteach ag Vadzim Bobyrau. Cuireadh Ramanau agus Bobyrau sa chill phionóis arís agus arís eile. Tá Viktar Dubrouka gníomhach go fóill i réimeas Lukashenka mar Chéad Leas-Cheann ar an Roinn um Pianbhreitheanna a Fhorghníomhú i réigiún Grodno Tacaíonn Viktar Dubrouka, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine sa Bhealarúis.	5.8.2024
242.	Andrei Mikhailovich TSEDRYK Andrey Mikhailovich TSEDRIK		Post/poist: Iar-Cheann Ionad Coinneála Réamhthrialach Uimh. 1; coirnéal sa tseirbhís inmheánach Náisiúntacht: Bealarúiseach Dáta breithe: 20.4.1978 Áit bhreithe: Mionsc Inscne: fireann Uimhir aitheantais pearsanta: 3200478A058PB3	Tá Andrei Tsedryk ina iar-cheann ar Ionad Coinneála Réamhthrialach Uimh. 1 i Mionsc, ar a dtugtar freisin "Voldarka". Chuaigh go leor príosúnaigh pholaitiúla, lena n-áirítear Ales Pushkin, tríd an ionad agus thug siad fianaise go bhfuil na dálaí san ionad mídhaonna. Is ann atá Ales Bialiatski faoi choinneáil. Níl ospidéal cuí san ionad ach an oiread. Tá Andrei Tsedryk freagrach, dá bhrí sin, as sáruithe tromchúiseacha i réimse chearta an duine sa Bhealarúis.	5.8.2024

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
255.	Aliaksey Anatolevich KHLYSZCZANKAU Alexey Anatolievich KHLYSHCHENKOV	Аляксей Анатольевіч ХЛЫШЧАНКАЎ Алексей Анатольевич ХЛЫЩЕНКОВ	Post/poist: Breitheamh i gCúirt Uachtarach Phoblacht na Bealarúise; iar-bhreitheamh i gCúirt Réigiúnach Gomel Dáta breithe: 27.8.1982 Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais pearsanta: 3270882H007PB4	Is breitheamh é Aliaksey Klyshchankau a bhí ag feidhmiú i gCúirt Réigiúnach Gomel idir 2019 agus 2023, tar éis do Aliaksandr Lukashenka é a cheapadh. Chuir sé pianbhreitheanna ar chúiseanna polaitiúla ar shaoránaigh Bhealarúiseacha a chuir tuairimí in iúl in aghaidh an Uachtaráin agus in aghaidh bhrúidiúlacht struchtúir forfheidhmithe dlí na Bealarúise. Ghearr sé pianbhreith 6,5 bliain i gcoilíneacht phionósach ardslándála ar Yuri Vlasov, rúnchara le Svetlana Tikhanovskaya, iarrthóir uachtaránachta. Ó 2023 i leith, is breitheamh é i gCúirt Uachtarach Phoblacht na Bealarúise, áit ar sheas sé le pianbhreitheanna a cuireadh ar dhaoine ar chúiseanna polaitiúla. Tá Aliaksey Klyshchankau freagrach, dá bhrí sin, as an mbonn a bhaint go mór ón smacht reachta agus as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach sa Bhealarúis.	5.8.2024
258.	Viktar Arkadzievich SHAUTSOU Viktor Arkadievich CHEVTSOV/ SHEVTSOV	Віктар Аркадзьевіч ШАЎЦОЎ Виктор Аркадьевич ШЕВЦОВ	Post/poist: Fear gnó, infheisteoir Dáta breithe: 5.12.1963 Áit bhreithe: Razumava village, Vitebsk region, an Bhealarúis Náisiúntacht: Bealarúiseach Inscne: fireann Pasuimhir: MP4572331, arna eisiúint an 12.2.2021 Uimhir aitheantais pearsanta: 3051263A036PB7	Is pearsa gnó é Viktar Chevtsov ag a bhfuil leasanna gnó sa Bhealarúis. Ina ról mar chonsal oinigh na nOileán Filipíneach sa Bhealarúis, agus trína rannpháirtíocht in ionadaíocht Rialtas na Bealarúise, tá sé ag tacú le réimeas Lukashenka. Ina theannta sin, bíonn tairbhe á baint aige as an réimeas, trí pháirt a bheith aige in Reshenie Bank, a bhfuil leasanna agus páirt aige sin i gcoimpléasc iarsmalann Dudutki, a bhaineann tairbhe as buiséad stáit na Bealarúise. Tacaíonn agus tairbhíonn Viktar Chevstov mar sin de réimeas Lukashenka.	5.8.2024’;

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

(2) sa Tábla ‘B. Daoine dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)’ cuirtear na hiontrálacha comhfhreagracha seo a leanas in ionad iontrálacha 1, 6, 7, 8, 25, 27 agus 28:

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
‘1.	Beltechexport	Белтехэкспорт	Seoladh: Nezavisimosti Ave. 86-B, Minsk, an Bhealarúis Suíomh gréasáin: https://bte.by/ Seoladh ríomhphoist: mail@bte.by Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 100138662	Is eintiteas príobháideach é Beltechexport a onnmhairíonn airm agus trealamh míleata arna dtáirgeadh ag cuideachtaí faoi úinéireacht stáit na Bealarúise go tíortha san Afraic, i Meiriceá Theas, san Áise agus sa Mheánoirthear. Tá ceangal láidir ag Beltechexport le hAireacht Cosanta na Bealarúise. Dá bhrí sin, tá Beltechexport ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis, trí bhuntáistí a thabhairt do riarachán an Uachtaráin. Thairis sin, is cuid de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise é Beltechexport agus é rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	17.12.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
6.	AGAT electromechanical Plant OJSC	Агат-электромеханический завод	Seoladh: Nezavisimosti Ave. 115, 220114, Minsk, an Bhealarúis Suíomh gréasáin: https://agat-emz.by/ Seoladh ríomhphoist: marketing@agat-emz.by Teil.: +375 (17) 272-01-32; +375 (17) 570-41-45 Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 100093400	Tá AGAT electromechanical Plant OJSC mar chuid den Belarussian State Authority for Military Industry of the Republic of Belarus (dá ngairtear freisin SAMI nó State Military Industrial Committee), atá freagrach as beartas míleata-teicniúil an Stáit a chur chun feidhme agus atá faoi réir Chomhairle na nAirí agus Uachtarán na Bealarúise. Tá AGAT electromechanical Plant OJSC ag baint tairbhe, dá bhrí sin, as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis. Monaraíonn an chuideachta “Rubezh”– córas bacainní a ceapadh chun círéibeacha a smachtú a úsáideadh in aghaidh léirsithe síochánta a bhí ar siúl tar éis na dtoghchán uachtaránachta a bhí ar siúl an 9 Lúnasa 2020, agus ar an gcaoi sin, tá an chuideachta freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. Ina theannta sin táirgeann an chuideachta earraí a bhfuil úsáid deiridh mhíleata ag baint leo, rudaí a bhíonn á n-úsáid ag arm na Bealarúise, lena n-áirítear an tAerfhórsa. Dá bhrí sin, tá AGAT electromechanical Plant OJSC mar chuid de choimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Bealarúise trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	17.12.2020

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
7.	140 Repair Plant	140 ремонтный завод	Seoladh: Borisov, 19 L. Chalovskaya St. Teil.: +375 177 74-64-64 +375 177 74-79-99 Rphost: info@140zavod.by Suíomh gréasáin: 140zavod.org Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 600136102	Tá 140 Repair Plant mar chuid den Belarussian State Authority for Military Industry of the Republic of Belarus (dá ngairtear freisin SAMI nó State Military Industrial Committee), atá freagrach as beartas míleata-teicniúil an Stáit a chur chun feidhme agus atá faoi réir Comhairle na nAirí agus Uachtarán na Bealarúise. Dá bhrí sin, tá 140 Repair Plant ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus é ag tacú leis. Monaraíonn an chuideachta feithiclí iompair agus feithiclí armúrtha a úsáideadh in aghaidh léirsithe síochánta a bhí ar siúl tar éis na dtoghchán uachtaránachta a bhí ar siúl an 9 Lúnasa 2020, agus an gcaoi sin, tá an chuideachta freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta agus ar an bhfreasúra daonlathach. Ina theannta sin, déanann an chuideachta, feithiclí míleata a fhorbairt, a tháirgeadh agus a nuachóiriú. Dá bhrí sin, tá 140 Repair Plant mar chuid de choimpléasc tionsclaíoch agus míleata na Bealarúise trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh nó soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	17.12.2020

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
8.	MZKT (dá ngairtear freisin VOLAT)	МЗКТ - Минский завод колёсных тягачей	Seoladh: 150 Partizansky Ave., 220021, Mionsc, Poblacht na Bealarúise Teil.: +375 (17) 330-17-09 Facs: +375 (17) 291-31-92 Ríomhphost: link@mzkt.by Suíomh gréasáin: www.mzkt.by Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 100534485	Tá MZKT (dá ngairtear freisin VOLAT) mar chuid den Belarusian State Authority for Military Industry of the Republic of Belarus (dá ngairtear freisin SAMI nó State Military Industrial Committee), atá freagrach as beartas míleata-teicniúil an Stáit a chur chun feidhme agus atá faoi réir Chomhairle na nAirí agus Uachtarán na Bealarúise. Tá MZKT (dá ngairtear freisin VOLAT) dá bhrí sin ag baint tairbhe as an gceangal atá aige le réimeas Lukashenka agus tá sé ag tacú leis. Briseadh as a bpost fostaithe de chuid ZKT a chuaigh i mbun agóide nuair a thug Aliaksandr Lukashenka cuairt ar an monarcha agus a chuaigh ar stailc tar éis na dtoghchán uachtaránachta sa Bhealarúis in 2020, rud a fhágann go bhfuil an chuideachta freagrach as cearta an duine a shárú. Ina theannta sin, forbraíonn agus táirgeann an chuideachta feithiclí míleata freisin. Dá bhrí sin, is cuid é MZKT de choimpléasc míleata agus tionsclaíoch na Bealarúise trí bheith rannpháirteach i bhforbairt, táirgeadh agus soláthar teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.	17.12.2020

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
25.	Open Joint Stock Company "Grodno Azot" Lena n-áirítear Craobh "Khimvolokno Plant" de Chuideachta Comhstoic "Grodno Azot"	ААТ "Тродна Азот" ОАО "Тродно Азот" Філіял "Завод Хімвалакно" ААТ "Тродна Азот" Филиал "Завод Химволокно" ОАО "Тродно Азот"	Seoladh: 100 Kosmonavtov Ave., Grodno/Hrodna, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 1965 Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 500036524 Suíomh Gréasáin: https://azot.by/en/ Seoladh: 4 Slavinskogo, St., 230026 Grodno/Hrodna, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 12.5.2000 Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 590046884 Suíomh gréasáin: www.grodno-khim.by Seoladh ríomhphoist: office@grodno-khim.by; market@grodno-khim.by; ppm@grodno-khim.by; tnp@grodno-khim.by Teil./Facs: +375 (152) 39-19-00; +375 (152) 39-19-44	Is táirgeoir mór comhdhúl nítrigine é OJSC Grodno Azot atá bunaithe in Grodno/Hrodna agus atá faoi úinéireacht an Stáit. Chuir Lukashenka síos air mar "fhiontar ríthábhachtach straitéiseach". Is le Grodno Azot Khimvolokno Plant freisin, ar monaróir mór polaimíde agus poileistir agus ábhar comhchodach é. Is foinse mhór ioncaim do réimeas Lukashenka iad Grodno Azot agus Khimvolokno Plant. Dá bhrí sin, tá Grodno Azot ag tacú le réimeas Lukashenka. Thug Lukashenka cuairt ar an gcuideachta agus bhuail sé lena hionadaithe, agus phléigh siad nuachóiriú na monarchan agus cineálacha éagsúla tacaíochta Stáit. Gheall Lukashenka iasacht freisin a d'úsáidfí chun monarcha nua nítrigine a thógáil in Grodno/Hrodna. Dá bhrí sin, tá Grodno Azot ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka. Na hoibrithe in Grodno Azot, lena n-áirítear na fostaithe ag Khimvolokno Plant, a ghlac páirt sna hagóidí síochánta i gcoinne an réimis agus a chuaigh ar stailc, briseadh as a bpoist iad, agus chuir lucht bainistíochta Grodno Azot agus ionadaithe an réimis imeagla orthu agus bhagair orthu. Tá Grodno Azot freagrach, dá bhrí sin, as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta. Ina theannta sin, is cuid den ghnóthas Belneftekhim é Grodno Azot. Dá bhrí sin, tá Grodno Azot bainteach le Belneftekhim, atá ag baint tairbhe as réimeas Lukashenka agus ag tacú leis.	2.12.2021

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
27.	Open Joint Stock Company “Belshina”	AAT “Белшина” OAO “Белшина”	Seoladh: 4 Minskoe Shosse St., 213824 Bobruisk, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 10.1.1994 Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 700016217 Suíomh gréasáin: http://www.belshinajsc.by/	Tá OJSC Belshina ar cheann de na príomhchuideachtaí ar leis an stát iad sa Bhealarúis agus is mórmhonaróir bonn feithiclí é. Sna blianta 2022 agus 2023 rinne sé brabús dár méid 9 %, rud a dhearbhaigh leas-phríomhaire na Bealarúise, Petr Parkhomczyk. Tá tairbhe dhíreach á baint ag Stát na Bealarúise as a dtuilleann Belshina. Ina theannta sin, soláthraíonn Belshina boinn do lucht míleata na Rúise atá imscartha san Úcráin, rud a thacaíonn le rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha atá á tabhairt ag an Rúis faoin Úcráin. An dáileoir i gcás na ndíolachán a dhéanann Belshina leis an Rúis, tá sé faoi rialú ag Dmitry Lukashenko, mac Aliaksandr Lukashenko. Tacaíonn Belshina, dá bhrí sin, le réimeas Lukashenka. Fostaithe de chuid Belshina a ghlac páirt i léirsiú agus a chuaigh stailc tar éis na dtoghchán uachtaránachta calaoiseach a reáchtáladh sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020, briseadh as a bpost iad nó tugadh orthu éirí as a bpost, as bheith as láthair ón obair, mar dhea. Ina theannta sin, cuireann an Stát iallach ar phríosúnaigh pholaitiúla saothar contúirteach a dhéanamh ar son Belshina. Os a choinne sin, faigheann Belshina cabhair airgid ón stát i bhfoirm íocaíochtaí a bhfiachas agus iarchur íocaíochtaí CBL allmhairiúcháin. Lena chois sin, tugann rialtas na Bealarúise cead dá chomhlachtaí stáit táirgí Belshina a cheannach gan tairiscint. Tairbhíonn Belshina, dá bhrí sin, de réimeas Lukashenka agus tá sé freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis.	2.12.2021

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/427/oj

	Ainmneacha (Traslitriú an litrithe Bealarúisise) (Traslitriú an litrithe Rúisise)	Ainmneacha (An litriú Bealarúisise) (An Litriú Rúisise)	Faisnéis Aitheantais	Cúiseanna lena liostú	Dáta liostaithe
28.	Open Joint Stock Company “Belaruskali”	Адкрытае акцыянернае таварыства “Беларускалій” Открытое акционерное общество “Беларускалий”	Seoladh: 5 Korzha St., Soligorsk, 223710 Minsk Region/Oblast, an Bhealarúis Dáta clárúcháin: 23.12.1996 Uimhir Chlárúcháin Cuideachta: 600122610	Is fiontar atá faoi úinéireacht an stáit é OJSC Belaruskali agus atá ar cheann de na táirgeoirí potaise is mó ar domhan. D’ainneoin gur tháinig laghdú ó 20 % go 9 % ar a sciar domhanda sa mhargadh domhanda potaise in 2022, tá Belaruskali fós ar cheann de na honnmhaireoirí potaise is suntasaí agus is foinse mhór ioncaim é do bhuiséad stáit na Bealarúise. Chuir Alexander Lukashenka síos ar Belaruskali mar “taisce náisiúnta, ábhar bróid, ceann de cholúin onnmhairí na Bealarúise”. Is foinse mhór é freisin d’airgeadra eachtrach do réimeas Lukashenka. Tá baint dhíreach ag Belaruskali le hathlonnú leanaí Úcránacha ó chríocha atá faoi fhorghabháil ag réimeas Lukashenka i gcomhar leis an Rúis. Ó thosaigh mór-ionradh neamhdhleathach gan chúis gan údar na Rúise ar an Úcráin, tá breis agus 2 050 leanbh Úcránach curtha chuig saoráid Dubrava, atá faoi úinéireacht OJSC Belaruskali. Dá bhrí sin, tá OJSC “Belaruskali” ag tacú le réimeas Lukashenka. Rinneadh imeaglú ar fhostaithe OJSC “Belaruskali” a ghlac páirt i stailceanna agus in agóidí síochánta tar éis na dtoghchán calaoiseach sa Bhealarúis i mí Lúnasa 2020 agus leag lucht bainistíochta na cuideachta as a bpost iad ina dhiaidh sin. Bhagair Alexander Lukashenka féin go pearsanta go gcuirfí mianadóirí ón Úcráin in ionad na bhfostaithe a chuaigh ar stailc. In 2024, briseadh na dosaenacha oibrithe de chuid OJSC “Belaruskali” as a bpost mar gheall ar bheith páirteach in agóidí 2020. Dá bhrí sin, tá “Belaruskali” freagrach as cos ar bolg a imirt ar an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis agus tacaíonn sé le réimeas Lukashenka.	3.6.2022.’